

S.C.G & O.C.G – An Atriail - An Córas Achomhairc & Breathnú ar Scripteanna

I. Tá dhá eilimint sa chóras achomhairc do iarrthóirí nár éirigh leo pas a bhaint amach sa mhodúil.

- a. Breathnú ar script(eanna).
- b. Achomharc a lorg.

II. Breathnú ar Script(eanna).

- a. Tar éis duit do chuid torthaí a fháil, má shocraíonn tú gur mhaith leat breathnú ar script(eanna) de do chuid, beidh ort ríomhphost do bhreathnú ar script(eanna) a sheoladh chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (viewing.scgocg@protonmail.com). Sa ríomhphost le 'BREATHNÚ' mar theidil, luaigh, d'ainm, SCG nó OCG, uimhir scrúdaithe/measúnaithe agus an mhír/míreanna gur mhaith leat breathnú ar/orthu.
- b. Seol an ríomhphost, le bheith ag Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge faoi **5.00i.n. ar an Aoine, 24 Meán Fómhair, 2021.**
- c. Ní ghlacfar le ríomhphost tar éis an ama & dáta thuas agus ní thabharfar cead d'aon duine breathnú ar script(eanna) ach amháin dóibh siúd a bhfuil iarratas curtha ar ais in am acu trí ríomhphost.
- d. Níl aon táille i gceist do bhreathnú ar script(eanna).
- e. Cuirfear eolas chugat i ríomhphost maidir leis an breathnú ar scripteanna
- f. Tugtar faoi deara nach gá breathnú ar script(eanna) chun achomharc a dhéanamh.

III. Achomharc a lorg.

- a. Tar éis duit do chuid torthaí a fháil nó tar éis duit breathnú ar script(eanna) de do chuid, nach raibh pas bainte amach, b'fhéidir gur mhaith leat achomharc a dhéanamh. Beidh ort (1) agus (2) lastíos a chomhlíonadh.
- b. (1) RÍOMHPHOST: Beidh ort ríomhphost ag lorg achomharc ar script(eanna) a sheoladh chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (appeals.scgocg@protonmail.com). Sa ríomhphost le 'ACHOMHARC' mar theidil, luaigh, d'ainm, SCG nó OCG, uimhir scrúdaithe/measúnaithe agus an mhír/míreanna gur mhaith leat breathnú ar/orthu.
- c. (2) ÍOCAÍOCHT: Le h' iarratas a dhéanamh ar-líne, téigh go www.ilrweb.ie. Clliceáil ar an cnaipe 'EASY PAYMENTS PLUS íoc ar líne. Ón gelár roghnaigh 'SCG & OCG miscellaneous fees', agus clliceáil 'Examination Appeal Re check Add to Bill' le iarratas a dhéanamh.
- d. Ní féidir glacadh ach le h'iarratais ar-líne a fhaightear **faoi 1.00 i.n. ar an Céadaoin 29 Meán Fómhair, 2021.**
- e. Ní ghlacfar le h'iarratais tar éis an dáta thuas agus ní bheifear in ann achomharc a dhéanamh ar aon bhealach eile.
- f. Caithfear táille €50 do gach script a íoc. Is táille é seo agus ní thabharfar an táille ar ais.
- g. Cuirfear do script chuig ceartaitheoir chun é a athcheartú.
- h. Usáidfear ceartaitheoir difriúil don athcheartú.
- i. Déanfar an t-athcheartú de réir na gcritéar céanna a úsáideadh don chéad cheartú.
- j. Féachfar chuige gur cuireadh na critéir sin i bhfeidhm i gceart. Ní féidir le haon cheartaitheoir marcanna a bhronnadh nach bhfuil de réir na gcritéar sin.
- k. D'fhéadfaí do ghrád a ardú, é a fhágáil mar an gcéanna, nó é a ísliú.
- l. Beidh torthaí ar fáil ar nó roimh an 15 Deireadh Fómhair, 2021.